Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Aibreán 2024
(OR. en)

9094/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2008/0140(CNS)**

**ANTIDISCRIM 65
FREMP 204
GENDER 75
JAI 666
MI 428
SOC 299**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8616/1/24 REV 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh<br>- *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar ullmhúchán don díospóireacht bheartais ar an ábhar thuasluaite ag Comhairle EPSCO an 7 Bealtaine 2024.

**Treoir maidir le cóir chomhionann (Airteagal 19)**

*Díospóireacht bheartais*

Tá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna na hurraime ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus na hurraime do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir (Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach). Sa chomhthéacs sin, tá sé ar cheann d'aidhmeanna an Aontais an t-idirdhealú a chomhrac. Tugtar an chumhacht don Chomhairle, le hAirteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh chun idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach[1].

Is creat ilroinnte é an creat dlíthiúil i gcoinne an idirdhealaithe atá ann ar leibhéal an Aontais Eorpaigh faoi láthair. Cosnaíonn sé ar idirdhealú i réimse na fostaíochta ar na forais a luaitear in Airteagal 19 CFAE, eadhon gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh[2]. Lasmuigh de réimse na fostaíochta, áfach, ní thoirmisctear idirdhealú ach amháin ar fhorais gnéis agus tionscnaimh eitnigh nó chiníoch; níl aon chosaint ann ar leibhéal an Aontais ar idirdhealú lasmuigh de réimse na fostaíochta ar fhorais reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise ná gnéaschlaonta[3]. Ní fada go gcuideoidh íoschaighdeáin atreisithe maidir le comhlachtaí comhionannais le feabhas a chur ar fhorfheidhmiú an chreata dhlíthiúil atá ann faoi láthair[4].

---

1 Ina theannta sin, le hAirteagail 153 agus 157 CFAE, tugtar sainordú don Aontas gníomhaíocht a dhéanamh i réimse an chomhionannais idir fir agus mná maidir le deiseanna sa mhargadh saothair agus cóir chomhionann ag an obair agus go háirithe maidir le pá comhionann as obair chomhionann nó ar comhionann a luach.

2 Féach, go háirithe, Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE agus 2000/78/CE ón gComhairle, Treoir 2006/54/CE, Treoir 2019/1158/AE, Treoir 2022/2381/AE, agus Treoir 2023/8970/AE.

3 Féach, go háirithe, Treoir 2000/43/CE agus Treoir 2004/113/CE.

4 Féach na Treoracha atá le glacadh ar bhonn na dtograí COM/2022/688 final agus COM/2022/689 final.

San Eorabharaiméadar Speisialta is déanaí maidir le hidirdhealú, thuairiscigh freagróirí go bhfuil idirdhealú forleathan ann ina dtíortha féin ar bhonn reiligiúin nó creidimh (42 %), míchumais (49 %), aoise (45 %) nó gnéaschlaonta (54 %)[5]. Thuairiscigh tuairim is freagróir amháin as gach cúigear (21 %) gur bhraith siad go pearsanta go ndearnadh idirdhealú nó ciapadh orthu le 12 mhí anuas. Ar na samplaí a luadh tá idirdhealú ar dhaoine idir 15 agus 24 bliana d'aois i gcaiféanna, i mbialanna, i mbeáir nó i gclubanna oíche (25 % de na freagróirí) agus nuair a bhíonn siad ag freastal ar scoil nó ar ollscoil nó nuair a chuireann siad iarratas faoi bhráid scoile nó ollscoile (21 %). Ar an taobh eile, tuairiscíonn daoine atá ar scor go ndéantar idirdhealú orthu i siopaí nó i mbainc (18 %) agus nuair a bhíonn seirbhísí cúraim sláinte á n-úsáid nó á n-iarraidh acu (17 %). Is dearbhú é an méid sin ar na sonraí i dTuarascáil 2018 ar Chearta Bunúsacha ina léirítear na deacrachtaí ar leith a bhíonn ag daoine scothaosta maidir le cóir chomhionann[6].

De réir sonraí ó 2019 arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), tháinig méadú ar an idirdhealú in aghaidh daoine LGBT, lena n-áirítear daoine lasmuigh de réimse na fostaíochta, idir 2012 agus 2019 (ó 37 % go 43 %)[7].

Tuairim is 25 % de na Moslamaigh a d'fhreagair Dara Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar an Idirdhealú, dúirt siad go ndearnadh idirdhealú orthu sa 12 mhí roimhe sin i ngeall ar a gcúlra eitneach nó inimirceach, lena n-áirítear a reiligiún nó a gcreideamh reiligiúnach[8]. Tuairim is 21 % de na Giúdaigh a d'fhreagair suirbhé FRA in 2017 maidir le hidirdhealú agus fuathchoireacht in aghaidh na nGiúdach[9], dúirt siad go ndearnadh idirdhealú orthu i ngeall ar a reiligiún nó a gcreideamh i réimse amháin nó níos mó dá saol laethúil sa 12 mhí roimh an suirbhé. Chuir tuairim is 43 % de dhaoine faoi mhíchumas in iúl go mbíonn deacrachtaí acu seirbhísí laethúla a úsáid, mar shampla siopadóireacht grósaera, baincéireacht, seirbhísí poist, cúram sláinte príomhúil agus iompar poiblí[10].

---

5 An Coimisiún Eorpach, Eorabharaiméadar Speisialta 535: Idirdhealú san Aontas in 2023 (Nollaig 2023).

6 FRA (2018), Shifting perceptions: Towards a rights-based approach to ageing [Dearcthaí i mbun athraithe: I dtreo cur chuige ceartabhunaithe maidir le haosú] , Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán.

7 Equality in the EU 20 years from the initial implementation of the equality directives [Comhionannas san Aontas Eorpach 20 bliain ó chur chun feidhme tosaigh na dtreoracha maidir le comhionannas], FRA, Aibreán 2021; FRA (2020), EU-LGBTI Survey II – A long way to go for LGBTI equality [Dara Suirbhé LGTBI an Aontais – Achar fada le dul le haghaidh chomhionannas LGBTI], Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, lch. 10.

8 FRA (2017), Second European Union Minorities and Discrimination Survey: Muslims – Selected Findings [Dara Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar an Idirdhealú: Moslamaigh – Torthaí Roghnaithe], Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, lch. 25.

9 FRA (2018), Experiences and perceptions of antisemitism – Second survey on discrimination and hate crime against Jews in the EU [Taithí agus dearcthaí ar an bhfrithsheimíteachas – An dara suirbhé ar an idirdhealú agus ar an gcoireacht fuatha in aghaidh na nGiúdach san Aontas Eorpach], Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, p. 60.

10 FRA (2017), From institutions to community living – Part III: Outcomes for persons with disabilities [Ó institiúidí go maireachtáil sa phobal – Cuid III: Torthaí do dhaoine faoi mhíchumas], Lucsamburg: Oifig na bhFoilseachán.

Tá an t-idirdhealú tar éis dul in olcas i ngeall ar imeachtaí domhanda a tharla le déanaí. Thuairiscigh FRA cheana féin in 2022 go raibh 'fás easpónantúil' ar ábhar frithsheimíteach ar líne[11]. Tá méadú ag teacht freisin ar an idirdhealú, ar an imeaglú agus ar an gciapadh a dhéantar ar dhaoine Moslamacha[12].

Baineann costas leis an idirdhealú don tsochaí. I staidéar a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa in 2023, meastar gurb é an toradh a bheadh ar thabhairt i gcrích an chreata dhlíthiúil ar leibhéal an Aontais glansochar €55 mhilliún in aghaidh na bliana ó thaobh OTI de dá ndéanfaí feabhas 5 % ar ghnóthachtáil oideachais agus ar stádas sláinte daoine aonair mar thoradh ar ghníomhaíocht an Aontais[13]. Ar an gcaoi chéanna, i staidéar a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa in 2018 maidir le Costas na Neamh-Eorpa[14], meastar praghas an idirdhealaithe agus eisiaimh i leith daoine faoi mhíchumas i dtéarmaí (i) tuilleamh a cailleadh mar gheall ar eisiamh ó mhargadh an tsaothair, idir EUR 468 milliún agus 763 mhilliún; (ii) costais bhreise a bhaineann le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, sa raon EUR 15 bhilliún agus 41 bhilliún gach bliain; (iii) costais mhaireachtála níos airde, idir EUR 15 bhilliún agus EUR 41 bhilliún; agus (iv) tuilleamh a cailleadh de bharr leibhéil oideachais níos ísle, idir EUR 61 mhilliún agus 98 milliún. Ar an taobh eile, léiríonn na figiúirí go mbíonn fiúntas le bearta cóiríochta réasúnta, i gcásanna ina gcuirtear chun feidhme iad, i dtaobh táirgiúlacht fostaithe chomh maith le tairbhí eacnamaíocha do chuideachtaí. Rinneadh meastachán ar chineálacha comhchosúla costas sa mheasúnú tionchair a ghabhann le togra 2008 le haghaidh Treoir um Chóir Chomhionann a mhéid a bhaineann le hidirdhealú bunaithe ar ghnéaschlaonadh[15].

---

11 Antisemitism in 2022 - Overview of Antisemitic incidents recorded in the EU [An Frithsheimíteachas in 2022 – Forléargas ar theagmhais fhrithsheimíteacha a taifeadadh san Aontas Eorpach] | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (europa.eu)

12 Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Ní ghlacfar leis an bhfuath san Eoraip', Nollaig 2023.

13 Increasing European added value in an age of global challenges, Mapping the cost of non-Europe (2022-2032) [Breisluach Eorpach a mhéadú i ré ina bhfuil dúshláin dhomhanda, Costas na Neamh-Eorpa a mhapáil (2022-2032)]

14 Tuarascáil maidir le Costas na Neamh-Eorpa (2018).

15 11531/08 + ADD 1, lch. 34.

Aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus é a chosc, is ionann sin agus infheistíocht a dhéanamh i gcomhtháthú, in iomaíochas agus in athléimneacht na hEorpa i ndomhan idirnasctha atá ag athrú go tapa. Cinnteoidh an méid sin sochaí níos cothroime, méadóidh sé an rannpháirtíocht sa saol eacnamaíoch agus sóisialta agus laghdóidh sé an t-eisiamh sóisialta. Sa tuarascáil ó Enrico Letta le déanaí dar teideal *Much more than a market* [Margadh thar an gcoitiantacht][16], luadh an méid a leanas: 'An t-idirdhealú leanúnach a dhéantar ar ghrúpaí sonracha, bíodh sin i ngeall ar inscne, míchumas, eitneacht nó tosca eile, cuireann sé bac ar a rannpháirtíocht iomlán inár Margadh Aonair agus baineann an bonn de na deiseanna a ghealltar do chách. Chuige sin, tá gá le bearta spriocdhírithe, cistiú athbhreithnithe, agus dlúthfhaireachán chun deireadh a chur le bacainní córasacha' (aistriúchán neamhoifigiúil). Ar an gcaoi chéanna, i bplean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le ganntanas saothair agus scileanna, a cuireadh i láthair an 20 Márta 2024, luaitear gur den ríthábhacht tacú le gníomhachtú daoine atá faoi ghannionadaíocht agus an t-idirdhealú a chomhrac san oideachas ó aois óg chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna a d'fhéadfadh bac a chur ar iomaíochas na hEorpa[17].

**An Treoir um Chóir Chomhionann atá beartaithe**

An 2 Iúil 2008, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle arb é is aidhm dó an chosaint ar idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, mhíchumais, aoise nó gnéaschlaonta a leathnú go réimsí lasmuigh den fhostaíocht. Agus reachtaíocht an Aontais atá ann cheana sa réimse sin á comhlánú, dhéanfaí, leis an treoir chothrománach um chóir chomhionann atá beartaithe, idirdhealú ar na forais thuasluaite a thoirmeasc sna réimsí seo a leanas: an chosaint shóisialta, lena n-áirítear an tslándáil shóisialta agus an cúram sláinte; an t-oideachas; agus rochtain ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht. Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim an 2 Aibreán 2009[18] faoin Nós Imeachta Comhairliúcháin. Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, tagann an togra faoi Airteagal 19 CFAE anois; tá, dá bhrí sin, gá le haontoilíocht sa Chomhairle, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

Ní raibh an Chomhairle in ann an aontoilíocht is gá a bhaint amach go fóill maidir leis an togra, a cuireadh síos 16 bliana ó shin. Le linn na díospóireachta beartais deiridh a tionóladh i mí an Mheithimh 2023 faoi Uachtaránacht na Sualainne, d'fhéach na hairí ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá fós ann maidir le deimhneacht dhlíthiúil, coimhdeacht agus costais chur chun feidhme.

---

16 Tuarascáil Enrico Letta - *Much more than a market* [Margadh thar an gcoitiantacht] (Aibreán 2024).

17 Aghaidh a thabhairt ar ghanntanas saothair agus scileanna san Aontas Eorpach - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

18 Féach A6-0149/2009. Cheap an Pharlaimint reatha Alice Kuhnke (SE/na Glasaigh/SGE) ina rapóirtéir.

Tá obair shuntasach bhreise déanta ag Uachtaránacht na Beilge chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá fós gan réiteach. Leagtar amach an téacs ar toradh é air sin in 8616/1/24 REV 1.

In ainneoin na n-iarrachtaí sin, níor thángthas fós ar an aontoilíocht is gá chun tacú leis an téacs comhréitigh.

**I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí aghaidh a thabhairt ar an gceist seo a leanas:**

*Ós rud é gur tugadh aghaidh sa téacs comhréitigh reatha ar na trí phríomh-shaincheist atá fós gan réiteach a tharraing na toscaireachtaí anuas, a bhain le deimhneacht dhlíthiúil, coimhdeacht agus costais chur chun feidhme, cén ghníomhaíocht bhreise a bheadh fós ag teastáil chun go mbeadh an Chomhairle in ann teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir le linn Uachtaránacht na Beilge, agus an méadú ar idirdhealú ar na forais agus sna réimsí a chumhdaítear leis an treoir atá beartaithe á chur san áireamh freisin?*